An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta
agus Fiadhúlra
National Parks and Wildlife Service

Scéim Rannpháirtíochta Pobail Tailte Portaigh agus Natura

Foirm Iarratais

2024

Ullmhaithe ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

Tabhair an méid seo a leanas do d’aire, le do thoil, sula ndéanfaidh tú an fhoirm seo a chomhlánú

- Cuir eolas, le do thoil, ar théarmaí agus ar choinníollacha na scéime (T&Canna) sula ndéanfaidh tú an fhoirm iarratais seo a chomhlánú.
- Ní mór an fhoirm iarratais a chomhlánú ina hiomláine – ní ghlacfar le hiarratais neamhchríochnaithe.
- **Clóscríobh** an fhaisnéis ábhartha, más féidir. Má tá sé lámhscríofa, bain úsáid as **CEANNLITREACHA** le do thoil.
- Ní mór **Ráiteas Modha** a chur isteach leis an Togra Tionscadail áit a bhfuil sé i gceist oibreacha fisiceacha a dhéanamh.
- Má tá tionscadal ar siúl i Limistéar Speisialta Caomhantais (LSC), i Limistéar Cosanta Speisialta (LCS) nó i Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (LON), nó in aice leo, **d’fhéadfadh sé go mbeadh Toiliú an Aire ag teastáil le haghaidh na n-oibreacha**. Ní mór do gach grúpa/eagraíocht dul i dtaithí ar na nósanna imeachta chun **Toiliú an Aire** a mheasúnú agus iarratas a dhéanamh air. Is féidir sonraí a fháil ag https://www.npws.ie/farmers-and-landowners/activities-requiring-consent. **D’fhéadfadh sé go mbeadh cead pleanála nó ceadúnas ón údarás rialála cuí de dhíth chun oibreacha áirithe a chur i gcrích**. Is féidir tuilleadh eolais chuige sin a aimsiú ar shuíomh gréasáin SPNF ag: https://www.npws.ie/development-consultations
- Déan teagmháil, le do thoil, leis an maor áitiúil caomhantais de chuid SPNF sula gcuirfidh tú isteach iarratas ar Limistéar Speisialta Caomhantais/Limistéar Cosanta Speisialta nó ar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha. Is féidir tuilleadh eolais a iarraidh ag nature@npws.gov.ie
- Ní mór don iarratasóir an t-iomlán comhfhreagrach agus foinse na gcistí comhfhreagracha a chur in iúl, féach ar na T&Canna chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le maoiniú comhfhreagrach.
- Ní mór d’iarratasóirí aon chóip amháin den fhoirm iarratais, agus í comhlánaithe agus sínithe, mar aon le cáipéisíocht bhreise ábhartha, mar is cuí, a chur isteach ar ríomhphost chuig nature@npws.gov.ie

RÁITEAS PRÍOBHÁIDEACHAIS

Geallann an Roinn go ndéanfar do chuid príobháideachta a chosaint agus go léireofar meas uirthi. Baintear úsáid as na bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí chun do chuid sonraí a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe. Ní dhéanfaidh an Roinn do shonraí a phróiseáil ar chuspóir ar bith ach amháin na cuspóirí faoinar bailíodh iad. Féadfar do chuid sonraí pearsanta a roinnt le Ranna Rialtais eile, le húdaráis áitiúla, le gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne, nó le comhlachtaí poiblí eile, i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó sin de réir dlí. Ní choinneoidh an Roinn do shonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá chun na cuspóirí faoinar bailíodh iad a chur i gcrích agus a phróiseáil. Nuair a bheidh an riachtanas gnó chun an fhaisnéis sin a choinneáil imithe in éag, déanfar é a scrúdú d'fhonn na sonraí pearsanta a scriosadh a luaithe is féidir, agus de réir bheartas na Roinne. Is féidir tuilleadh eolais ar Chosaint Sonraí a fháil ar ár suíomh Gréasáin ag: https://www.housing.gov.ie/sites/default/files/publications/files/data_protection_policy.pdf

Scéim Rannpháirtíochta Pobail Tailte Portaigh agus Natura 2024

Ainm an Ghrúpa / an Eagrais				
Ainm an Duine le haghaidh Teagmhála				
Ról i nGrúpa / Eagraíocht				
Seoladh **Éirchód**				
Fón				
Ríomhphost				
Teideal an Tionscadail				
Suíomh an Tionscadail: tabhair sonraí faoin gceantar, áit a dtabharfar faoin tionscadal, tagairt(í) eangaí, mapáil/íomhánna **An bhfuil an tionscadal laistigh de shuíomh ainmnithe nó in aice le suíomh ainmnithe (LSC/LCS)?** (Má tá, comhlánaigh ranna 1 agus 2 thíos le do thoil)				
Costas Iomlán an Tionscadail* €			Méid iomlán iarratais atá á lorg €	
An bhfuil Réamh-mhaoiniú 30% ag teastáil?	Tá ☐	Níl ☐	Méid cistithe meaitseála €	

Cuid 1 - Sonraí an Tionscadail	
Cad é aidhm an tionscadail?	
Tabhair tuairisc ar an tionscadal atá beartaithe, lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus garspriocanna an tionscadail (cuir grianghraif agus léarscáileanna réamhthionscadail san áireamh, más iomchuí):	
Cad iad na buntáistí a bhaineann leis an tionscadal i ndáil leis an bpobal? Cén chaoi a meadóidh an tionscadal feasacht i ndáil le caomhnú an dúlra?	
Costas an tionscadail – cuir miondealú costas, mar aon le measteacháin costas mar ábhar taca, le haguisíní an iarratais, le do thoil	
Amlíne chun an tionscadal a chur i gcrích	

Roinn 2 - Láithreáin Ainmnithe Ná comhlánaigh an chuid seo ach amháin má tá an Tionscadal lonnaithe ar, nó in aice le, suíomh Natura 2000 (Limistéar Speisialta Caomhantais, Limistéar Cosanta Speisialta[1]) nó Limistéar Oidhreachta Nádúrtha	
Ainm agus Cód an Láithreáin má tá an Tionscadal i Láithreá(i)n Ainmnithe nó in aice leis/leo.	
An bhfuil bearta caomhnaithe san áireamh sa tionscadal atá dírithe go sonrach ar ghnáthóga nó ar speicis a bhfuil an Limistéar Speisialta Caomhantais/Limistéar Cosanta Speisialta roghnaithe dóibh (i.e. na Leasanna Cáilitheacha don suíomh seo)?	
Má tá, cad iad na bearta caomhnaithe seo agus cén ghnáthóg/speiceas a bhfuil siad dírithe orthu?	
Cad é toradh inmhianaithe an tionscadail maidir leis an spriocgnáthóg/speiceas?[2]	
Conas a thomhaisfidh an tionscadal éifeachtacht na mbeart seo, i.e. cad iad na táscairí dul chun cinn gearrthéarmacha agus fadtéarmacha?	

[1]Is éard atá i láithreáin Natura 2000 ná Limistéir Chaomhantais Speisialta le haghaidh gnáthóga agus speiceas faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga 92/43/CEE, agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta d'éin faoi Threoir an AE maidir le hÉin (2009/147/CE).

[2] Tá sé úsáideach anseo féachaint ar na spriocanna atá leagtha amach faoi na Cuspóirí Caomhantais Suíomh-Shonracha (CCSanna) do na Leasanna Cáilitheacha (LCanna) do shuíomh Natura 2000. Faisnéis maidir le LCanna agus a CCSanna, ar féidir liosta díobh a fháil ar thairseacha Limistéir Speisialta Chaomhantais agus Limistéir Chosanta Speisialta SPNF: https://www.npws.ie/protected-sites/sac ; https://www.npws.ie/protected-sites/spa

An bhfuil na Téarmaí agus Coinníollacha léite agat?	**Tá**	**Níl**
	☐	☐
An ndearna tú teagmháil leis an maoirseoir áitiúil NPWS[3]?	**Rinne**	**Ní dhearna**
	☐	☐
An bhfuil Ciorclán RCPSPA 13/2014 léite agat?	**Tá**	**Níl**
	☐	☐
An bhfuil Toiliú an Aire ag do thionscadal i leith na n-oibreacha, más gá?	**Tá**	**Níl**
	☐	☐
An bhfuil gach cead ábhartha ag do thionscadal ó na húdaráis phoiblí riachtanacha (pleanáil san áireamh)[4]?	**Tá**	**Níl**
	☐	☐
Tá an fhaisnéis go léir a sholáthraítear, ag am na scríbhneoireachta, fíor agus ceart. Tuigim go measfar m'iarratas a bheith neamhbhailí mar thoradh ar fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar, agus go n-éileoidh sé go n-aisíocfar maoiniú deontais.		
Sínithe		
Dáta		

Seol é seo ar ais chuig: nature@npws.gov.ie

Má tá ceist ar bith agat, déan teagmháil le: nature@npws.gov.ie

Spriocdháta na nIarratas: 5 Iúil 2024

[3] Féach ar na Téarmaí agus Coinníollacha a ghabhann le Scéim Rannpháirtíochta Pobail Tailte Portaigh agus Natura le do thoil, chun tuilleadh eolais a fháil ar conas teagmháil a dhéanamh le maor áitiúil caomhantais SPNF. Ní mór teagmháil a dhéanamh sula gcuirfidh tú an t-iarratas isteach.

[4] Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an t-iarratasóir freagrach as a chinntiú go bhfuil gach cead ábhartha i bhfeidhm sula ndéantar iarratas ar mhaoiniú faoin scéim seo.